**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*

**2022/2123(DEC)**

2.3.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2021 (2022/2123(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Saskia Bricmont

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí (‘an Chúirt’) go bhfuil na hidirbhearta is bonn le cuntais bhliantúla Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) don bhliain airgeadais 2021 dlíthiúil agus rialta ar gach slí is ábhartha; á thabhairt chun suntais gur EUR 33 mhilliún a bhí sa bhuiséad do 2021, ach gur EUR 23 920 698 atá ann le fírinne toisc go gcuirtear san áireamh sa tuarascáil ón gCúirt iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhí ar fáil le linn na bliana airgeadais; á thabhairt dá haire agus á athdhearbhú gur cúis bhuartha di go bhfuil FRA fós thíos leis mar gheall ar na srianta atá lena hacmhainní airgeadais agus daonna;

2. á chur in iúl gur geal léi go raibh FRA in ann a cuspóirí a chomhlíonadh agus na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear ina Clár Oibre Bliantúil a bhaint amach in ainneoin an ghanntanais leanúnaigh maidir le hacmhainní daonna agus airgeadais agus na dúshláin a d’eascair as an bpaindéim; ag tabhairt dá haire gurbh ionann líon na bhfoilseachán agus 516 i gcomparáid leis an sprioc shocraithe de 486, gurbh ionann líon na gcruinnithe agus na n-imeachtaí a eagraíodh/a comheagraíodh agus 421 i gcomparáid leis an sprioc shocraithe de 260, agus gurbh ionann líon na n-ábhar cumarsáide agus 1809 i gcomparáid leis an sprioc shocraithe de 250;

3. á chur in iúl gur oth léi nár méadaíodh plean bunaíochta FRA ó 2017 agus gur léirigh an méadú ar an mbuiséad an t-innéacsú leis an ráta boilscithe den chuid is mó, nach bhfuil sé i gcomhréir leis an líon méadaithe iarrataí atá faighte ag FRA laistigh den tréimhse sin agus in ainneoin theacht i bhfeidhm an Rialacháin Bunaidh leasaithe nua; á aithint thairis sin, nach raibh acmhainní breise ag gabháil leis an méadú ar an ualach oibre agus ar na hiarrataí, go háirithe tar éis theacht i bhfeidhm an tsainordaithe nua lenar tugadh isteach gníomhaíochtaí nua i réimsí an cheartais agus an chomhair póilíneachta;

4. ag tabhairt chun suntais gurb amhlaidh, in éagmais acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus foirne, nach mbeidh FRA in ann na cúraimí go léir a shanntar di a chur i gcrích ná a sainordú nua a chur chun feidhme ina iomláine; á mheabhrú gur féidir leis sin difear a dhéanamh do cháilíocht na hoibre a chuireann FRA ar fáil,ar obair í atá thar a bheith luachmhar do bheartas AE;

5. ag tabhairt dá haire go ndearna FRA os cionn €7 milliún (27 %) de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2021 a thabhairt anonn go dtí 2022; á athdhearbhú gur oth léi go raibh leibhéil na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a tugadh anonn le haghaidh caiteachas oibriúcháin fós ard agus go dtagann siad salach ar phrionsabal buiséadach na bliantúlachta; ag aithint an fhreagra ó FRA ina gcuirtear béim ar an bhfíoras gur léiriú iad na leithreasuithe sin a tugadh anonn den chuid is mó ar an gcineál príomhghníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag FRA lena n-áirítear maoiniú a dhéanamh ar staidéir agus ar ghníomhaíochtaí eile a bhíonn ar bun ar feadh roinnt míonna agus tar éis dheireadh na bliana ar deireadh; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí nithiúla atá bunaithe ag FRA chun feabhas a chur ar a pleanáil buiséid agus ar a timthriallta cur chun feidhme; á chur in iúl gur geal léi leibhéal ard an ráta i ndeireadh bliana, atá os

cionn 99.5 % agus, dá bhrí sin, leibhéal íseal na leithreasuithe cealaithe lena rannchuidítear le bainistíocht fhónta buiséid agus le hurraim do na prionsabail bhuiséadacha; á iarraidh ar FRA tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar an dul chun cinn atá cláraithe sna cúrsaí seo;

6. á chur in iúl gur geal léi an comhar le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais agus leis an tsochaí shibhialta chun a áirithiú go gcomhlíonfar cearta bunúsacha; ag tabhairt dá haire gur rannchuidigh FRA le tuairim is 60 gníomhaíocht i réimse CGB, lena n-áirítear 24 ghníomhaíocht i réimse na himirce, an tearmainn agus an bhainistithe teorainneacha, agus 16 ghníomhaíocht i réimse na slándála inmheánaí agus na coireachta tromchúisí eagraithe; á chur i bhfáth go dtacaíonn FRA le tionscadail a bhaineann le IS agus bithmhéadracht, atá faoi stiúir Europol agus Frontex, agus á mheas gur cheart moltaí FRA a chur san áireamh;

7. ag tabhairt dá haire gur síníodh socruithe oibre le Europol agus CEPOL, go bhfuil rannpháirtíocht leanúnach le Frontex, lena n-áirítear le Stiúrthóir FRA ag glacadh páirte i gcruinnithe Bhord Bainistíochta Frontex, go bhfuil ról tábhachtach ag FRA maidir le faireachán ar chearta bunúsacha laistigh de Frontex a oiliúint agus a oibríochtú, agus go bhfuil an comhar atá ann cheana le Eurojust á neartú trí theacht ar chomhaontú maidir le liosta gníomhaíochtaí nithiúla in 12 réimse chomhchoiteanna leasa amhail an Barántas Gabhála Eorpach, ábhair a bhaineann le coinneáil, cearta íospartach agus IS;

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 1.3.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 50<br>–: 7<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Patricia Chagnon, Caterina Chinnici, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Nuno Melo, Maite Pagazaurtundúa, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Jadwiga Wiśniewska, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Susanna Ceccardi, Gwendoline Delbos-Corfield, Loucas Fourlas, Beata Kempa, Philippe Olivier, Dragoş Tudorache, Petar Vitanov, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gheorghe Falcă, Jean-François Jalkh, Petra Kammerevert, Marisa Matias, Martina Michels, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Mick Wallace |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 50 | + |
|---|---|
| EPP | Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Gheorghe Falcă, Loucas Fourlas, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Nuno Melo, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Karlo Ressler, Sara Skyttedal, Tomas Tobé, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Yana Toom, Dragoş Tudorache |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Caterina Chinnici, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Petra Kammerevert, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Birgit Sippel, Petar Vitanov |
| An Chlé | Clare Daly, Marisa Matias, Martina Michels, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |

| 7 | - |
|---|---|
| ID | Susanna Ceccardi, Patricia Chagnon, Jean-François Jalkh, Philippe Olivier, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche |
| NI | Milan Uhrík |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ECR | Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh